

Polasaí Frithbhulaíochta Scoil Iognáid.

1. I gcomhréir le riachtanais an Acht Oideachais (Leas) 2000 agus na dtreoirlínte faoi chód iompair a d'eisigh an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais tá an beartas frithbhulaíochta seo a leanas glactha ag Bord Bainistíochta Scoil Iognáid mar chuid de chód iompair iomlán na scoile. Géilleann an beartas go huile agus go hiomlán do riachtanais *Ghnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* a foilsíodh i Meán Fómhair 2013.

 2. Aithníonn an Bord Bainistíochta a thromchúisí atá iompar bulaíochta agus a dhiúltaí a d'fhéadfadh a thionchar a bheith ar dhaltaí, agus geallann an scoil dá réir cloí leis na príomhphrionsabail dea-chleachtas seo a leanas agus iompar bulaíochta á chosc agus á chomhrac.
 - (A) Cultúr dearfach a bheith i réim sa scoil (féach Agúisín 1):
 - ina nglactar go fonnmhar le difríocht agus le héagsúlacht agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht;
 - ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach; agus
 - ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn ar fud phobal na scoile;
 - (B) Ceannaireacht éifeachtach;
 - (C) Cur chuige scoile uile;
 - (D) Tuiscint i bpáirt faoin rud is bulaíocht ann agus faoin tionchar is féidir a bheith aige
 - (E) Feidhmiú straitéisí oideachais agus coiscithe (lena n-áirítear bearta chun feasacht a mhúscailt trí imeachtaí agus clár ar nós an OSPS, Clár an RSE, Walk Tall, Stay Safe, Tionóil Scoile)
 - ✓ a chothaíonn ionbhá, meas agus athléimneacht sna daltaí;
- agus

- ✓ ina dtéitear i ngleic go sainráite le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar aitheantas (mar shampla trí chlár na brataí buí), lena n-áirítear bulaíocht homafóbach agus trasfóbach;

- (F) Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;
- (G) Tacaíochtaí don fhoireann;
- (H) Teagmhais bhulaíochta a thairfeadh agus a imscrúdú ar shlí chomhsheasmhach agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh (lena n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála a úsáid ón OSPS, Walk Tall, Stay Safe, RSE, Clár Bunscoileanna an Gharda Síochána, Tionóil Scoile); agus
- (I) Meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí atá an beartas frithbhulaíochta.

3. I gcomhréir le *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* seo é an sainmhíniú ar bhulaíocht:

An rud a thuigtear le bulaíocht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.

Áirítear na cineálacha iompair bhulaíochta seo a leanas ar an sainmhíniú ar bhulaíocht:

Ionsaitheacht Fhisiciúil:

Áirítear air sin duine a bhrú, a shá, a bhualadh, a chiceáil, a phriocadh nó cor coise a chur ann. Bheadh trom-ionsaí fisiciúil ar áireamh anseo.

Dochar do mhaoin: Is féidir bulaíocht a dhíriú ar mhaoin phearsanta. I gceist ansin bheadh damáiste d'éadaí, d'fhón póca nó do ghléasanna eile, do leabhair scoile agus d'ábhar foghlama eile nó cur isteach ar thaisceadán nó ar rothar an dalta. D'fhéadfaí a bhfuil sa mhála scoile a chaitheamh amach ar an urlár. D'fhéadfaí rudaí pearsanta a bhriseadh, a loit, a ghoid nó a chur i bhfolach.

Sracadh: D'fhéadfaí airgead a éileamh, faoi bhagairt uaireanta (bagairtí a chomhlíontar uaireanta mura gcuireann an dalta i dtrácht an t-airgead ar fáil nuair a iarrtar é). D'fhéadfaí iallach a chur ar dhalta maoin a ghoid ar son duine eile atá ag gabháil d'iompar bhulaíochta.

Imeaglú: Cineál ar leith iompar bulaíochta is ea imeaglú: d'fhéadfadh sé a bheith bunaithe ar chomharthaíocht choirp ionsaitheach ina mbaintear úsáid as an nguth mar arm troda. Ní mór dochar do mhaoin agus sracadh a chur san áireamh anseo chomh maith.

Cibearbhulaíocht: Is bulaíocht í seo a chuirtear i gcrích trí theicneolaíochtaí eolais agus cumarsáide ar nós téacsteachtairreachtaí, suíomhanna líonra sóisialta, r-phost, cur teachtaireachtaí meandracha, feidhmchláir, suíomhanna cluichíochta, seomraí comhrá agus teicneolaíochtaí eile ar líne. Ní mór do gach scoláire agus tuismitheoir treoirlínte an Pholasaí Úsáide Inghlactha Scoile a chomhlíonadh maidir le húsáid na teicneolaíochtaí éagsúla i Scoil Iognáid.

Aonrú/eisiamh agus caidreamh bulaíochta eile: Tarlaíonn bulaíocht den chineál seo nuair a dhéanann cuid den rang nó an rang ar fad duine a aonrú, a eisiamh nó neamhaird a thabhairt air/uirthe d'aon ghnó. Is gnách iompar mar seo a bheith tionscanta ag duine atá ag gabháil d'iompar bulaíochta. D'fhéadfadh ráitis mhaslacha a bheith á scríobh mar gheall ar an dalta seo in áiteanna poiblí, nó nótaí faoin dalta nó líníochtaí den dalta a bheith á scaipeadh nó í/é a bheith á maslú/mhaslú de chogair ach é a bheith sách ard le go gcloisfí é.

Ainmneacha maslacha a thabhairt ar dhuine: Duine ar bith a thugann ainm maslach, goilliúnach nó náiritheach go leanúnach ar dhuine eile, ba cheart féachaint air sin mar iompar bulaíochta. Is minic a ndéantar tagairt do chuma fisiciúil duine, m.sh. méid nó éadaí an duine sin, sna hainmneacha seo. D'fhéadfaí aird dhiúltach a dhíriú ar thuin chainte nó ar ghuth so-aitheanta. Is minic cumas acadúil a bheith ina chúis le hainmneacha maslacha: i gcás daoine a mheastar a bheith níos cliste ná mar is gnách agus i gcás daoine a mheastar a bheith níos laige ná mar is gnách.

Cleithmhagadh: Nuair a éiríonn an gnáthdirmhalartú sóisialta an-phearsanta is bulaíocht atá i gceist. Baineann cleithmhagadh le ráitis agus magadh leanúnach an-phearsanta i leith duine. Díríonn na ráitis agus an magadh ar chuma fisiciúil, ar shláinteachas pearsanta agus ar chlaonadh gnéasach an duine, ar éadaí agus ar chlann an duine - go háirithe más claonthagairt ghnéasach atá i gceist.

Aitheantas: ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.

Ní chuimsíonn an sainmhíniú seo ar bhulaíocht teagmhais aonraithe nó teagmhais aon uaire d'iompar diúltach d'aon turas, lena n-áirítear téacsteachtairacht mhaslach nó goilliúnach aon uaire nó teachtaireachtaí príobháideacha eile agus ba cheart déileáil leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile.

Ach, i bhfianaise an bheartais seo, féachfar ar theachtairacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh Gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bulaíochta.

Iompar diúltach nach n-áirítear sa sainmhíniú seo ar bhulaíocht, déileálfar leis de réir chód iompair na scoile.

Gheofar eolas breise ar na cineálacha éagsúla bulaíochta in **Aguisín 2** den phosasaí seo agus i Roinn 2 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*.

4. Is iad seo a leanas an múinteoir/na múinteoirí ábhartha a dhéanfaidh bulaíocht a imscrúdú agus a dhéileálfadh léi:

Gach múinteoir ranga ar an gcéad dul síos.

An Leas-Phríomhoide agus an Príomhoide ina dhiaidh sin más gá.

Féadfaidh múinteoir ar bith gníomhniú mar mhúinteoir ábhartha más gá.

5. Cuirfidh Scoil Iognáid na straitéisí oideachais agus coiscthe aoisoiriúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- (i) Beartha coiscthe agus bearta chun feasacht a mhúscailt mar gheall ar gach gné den bhulaíocht agus straitéisí chun cabhrú le daltaí dul i ngleic le fadhbanna de réir mar a thagann siad chun cinn. Ní mór féachaint chuige sna straitéisí sin go gcothaítear ionbhá, meas agus athléimneacht sna daltaí.
- (ii) De bhrí go bhfuil ceangal láidir idir iompar agus féinmheas, féachfar chuige go ndéanfar deiseanna a thabhairt do dhaltaí chun braistint dhearfach dá fhiúntas féin a chothú.
- (iii) Beartha coiscthe agus múscailt feasachta i leith na cibearbhulaíochta a chur i bhfeidhm. Díriú ar oideachas a chur ar dhaltaí faoin tslí le hiad féin a iompar ar líne, faoin tslí le bheith sábháilte ar líne agus ar conas cultúr ina dtuairiscítear aon údar imní mar gheall air. Déanfar Clár Bunscoileanna an

Gharda Síochána a chur i bhfeidhm i rang 5 agus beidh ceardlanna eolais ag daltaí agus pobal na scoile ina leith.

- (iv) Féadann múinteoirí tionchar dearfach a bheith acu ar iompar bulaíochta.
 - (v) Tá roinnt comhphárteanna agus clár sa churaclam atá ábhartha maidir le bulaíocht a chosc agus meas ar éagsúlacht agus ar chuimsiú a chothú. Déantar foráil speisialta sa churaclam OSPS chun féachaint ar iompar bulaíochta agus ar na réimsí gaolmhara seo: muintearas agus imeascadh, cumarsáid, coimhlint, cairdeas, sábháilteacht phearsanta agus caidreamh. Cláir scileanna sábháilteachta pearsanta a mhúintear i mbunscoileanna is iad an clár 'Bí Slán' agus an Clár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a fhéachann le scileanna féinchosanta leanaí a mhéadú, lena n-áirítear a gcumas bulaíocht a aithint agus déileáil léi. Tá cláir oideachas sóisialta, sláinte agus oideachas meán eile ina bhféadfaí díriú ar fhadhb an iompair bhulaíochta.
 - (vi) Déanfar na hiarrachtaí seo a leathnú isteach i réimsí eile ar nós na hEalaíne, na Drámaíochta, an Oideachas Reiligiúnaigh agus an Chorpoideachais. Bainfear feidhm as modhanna éagsúla ar nós Am Ciorcail, ceistneoirí agus suirbhéanna ranga/scoile, conas an scéal a instint, triantán na bulaíochta agus an tábhacht a bhaineann leis an lucht féachúna i réiteach na faidhe.
 - (vii) Déanfar comhoibriú agus iarrachtaí grúpa a chur chun cinn sna spóirt foirne, clubanna agus cumainn scoile agus sna hábhair phraiticiúla.
 - (viii) Bainfear feidhm as na deiseanna den scoth a mbíonn ar fáil i ngníomhaíochtaí spóirt chun ionsaitheacht a úsáid ar mhaithe le rud fiúntach a bhaint amach agus chun féinsmacht a fhoghlaim. Bíonn múinteoirí agus cúntóirí riachtanais speisialta Scoil Iognáid ag cóitseáil sa gcispheil, luthchleasaíocht, CLG, sacar, rugbaí, leadóg agus san eitleog.
 - (ix) Imeachtaí eile a mbainfear feidhm astu i Scoil Iognáid chun éagsúlacht agus cuimsiú a chothú ná sna gníomhaíochtaí eile atá ar fáil sa scoil, mar shampla Seachtain Ealaíne, Damhsa Gaelach, Ranganna Drámaíochta, Spáinnise agus Fraincise, Seachtain Chairdis, Clár na Brataí Buí srl.
6. Seo a leanas na gnásanna agus na straitéisí idirghábhala aitheanta a mbainfear feidhm astu chun iompar bulaíochta a imscrúdú, a thaifead agus chun déileáil leis. Is é an príomhaidhm le himscrúdú agus le déileáil le hiompar bulaíochta ná an cheist a réiteach agus an gaol idir na páirtithe i dtrácht a chur ar ais mar a bhí sé an oiread is indéanta sin - seachas milleán a chur.

- (i) Agus imscrúdú ar bhulaíocht á dhéanamh, nó nuair a bhítear ag déileáil le bulaíocht, feidhmeoidh an múinteoir a breithiúnas gairmiúil chun a chinneadh cibé an ndearnadh bulaíocht agus conas ab fhearr déileáil leis an bhfadhb.
- (ii) Ní mór don mhúinteoir ábhartha gach tuairisc, lena n-áirítear tuairiscí gan ainm, a imscrúdú agus déileáil leo. Ar an tslí sin beidh níos mó muiníne ag daltaí gur fiú bulaíocht a thuairisciú. Tá sé ríthábhachtach an mhuinín sin a chothú i measc na ndaltaí. Ba cheart é a rá go soiléir leis na daltaí nach ag tabhairt leideanna atá siad nuair a thuairiscíonn siad teagmhais bhulaíochta ach á n-iompar féin ar shlí fhreagrach.
- (iii) Ní mór an fhoireann neamhtheagaisc - rúnaithe, cúntóirí riachtanais speisialta, coimhdírí iompar scoile, airígh, glantóirí - a spreagadh chun aon teagmhas d'iompar bulaíochta a fheiceann siad, nó a luaitear leo, a thuairisciú don mhúinteoir ábhartha.
- (iv) Ní mór do thuismitheoirí agus do dhaltaí comhoibriú le haon imscrúdú agus cabhrú leis an scoil aon cheist bhulaíochta a réiteach agus an caidreamh a bhíodh idir na páirtithe atá bainteach leis an mbulaíocht a chur ar ais mar a bhí sé, a mhéad is indéanta sin.
- (v) Tá sé ríthábhachtach go mbeadh tuiscint ar gach duine atá bainteach leis (lena n-áirítear gach grúpa daltaí agus tuismitheoirí) ar an gcur chuige thús ón gcéad lá.
- (vi) Ba cheart cur chuige réidh, fadhbréitigh, neamhmhothúchánach a bheith ag múinteoirí agus iad ag déileáil le líomhaintí d'iompar bulaíochta a thuairiscíonn daltaí, baill foirne nó tuismitheoirí dóibh.
- (vii) Is fearr de ghnáth teagmhais a imscrúdú lasmuigh den seomra ranga chun príobháideacht gach duine atá bainteach leis a chosaint.
- (viii) Ba cheart gach agallamh a dhéanamh go híogair ag féachaint do chearta gach dalta i dtrácht. D'fhéadfadh daltaí nach bhfuil baint dhíreach acu leis an mbulaíocht eolas úsáideach a sholáthar in agallamh mar sin.
- (ix) Agus anailís á déanamh ar theagmhais d'iompar bulaíochta, ba cheart don mhúinteoir ábhartha freagraí a lorg ar na ceisteanna céard, cá háit, cathain, cén duine nó cé na daoine, agus cad chuige? Ba cheart na ceisteanna sin a chur go ciúin síochánta, chun sampla a thabhairt den tslí le déileáil le coimhlint go héifeachtach neamhionsaitheach.

- (x) Má bhíonn grúpa i gceist, ba cheart agallamh a chur ar gach duine den ghrúpa ina nduine agus ina nduine. Ba cheart labhairt leis an ngrúpa ar fad ina dhiaidh sin. Ag an gcruinniú grúpa, ba cheart a iarraidh ar gach

ball cuntas a thabhairt ar an méid a chonaic sé/sí le bheith cinnte go gcloiseann an grúpa ar fad cuntais a chéile.

- (xi) Ba cheart tacú le gach ball sa ghrúpa i bhfianaise na mbrúnna a d'fhéadfadh baill eile sa ghrúpa a chur orthu tar éis an agallamh leis an múinteoir.
- (xii) I gcás ina gcinneann an múinteoir ábhartha go raibh dalta ag gabháil d'iompar bulaíochta, ba cheart é a chur ar a súile nó ar a shúile di nó dó go soiléir gur sháraigh sí nó sé beartas frithbhulaíochta na scoile agus ba cheart iarrachtaí a dhéanamh chun go bhféachfadh sí nó sé an scéal ó thaobh an dalta a bhfuil an bhulaíocht á déanamh air nó uirthi nó air. D'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach nó cabhrach iarraidh ar na daoine a bhí bainteach leis an teagmhas a gcuntas ar an teagmhas a scríobh síos.
- (xiii) I gcásanna ina gcinneann an múinteoir ábhartha go ndearnadh bulaíocht, ba cheart teagmháil a dhéanamh, a luaithe is féidir, le tuismitheoirí na páirtithe i dtrácht chun iad a chur ar an eolas faoin scéal agus na bearta a dhéanfar a mhíniú doibh.
- (xiv) Ba cheart go dtabharfadh an scoil deis phlé do na tuismitheoirí ar shlí ina bhféadfaí bearta na scoile agus an tacaíocht do na daltaí a athneartú nó a mhéadú.
- (xv) Ní mór é a bheith soiléir don uile dhuine atá bainteach leis (gach grúpa daltaí agus tuismitheoirí) in aon chás ina mbíonn gá le smachtú, gur ceist phríobháideach é idir an dalta atá á smachtú, a tuismitheoirí nó a thuismitheoirí agus an scoil.
- (xvi) Ba cheart cruinnithe breise leis na páirtithe i dtrácht a shocrú chun iarracht a dhéanamh iad a thabhairt le chéile níos faide anonn má bhíonn an dalta a ndearnadh an bhulaíocht uirthi nó air sásta leis sin.
- (xvii) D'fhéadfadh sé go mbeadh cruinniú breise le tuismitheoirí na ndaltaí i dtrácht de dhíth tar éis tamaill chun feáchaint chuige go bhfuil an cheist réitithe go sásúil.

(xviii) I gcás nach bhfuil tuismitheoir sásta gur dhéileáil an scoil le cás bulaíochta i gcomhréir leis na gnásanna seo, ní mór gnásanna na scoile maidir le gearán a dhéanamh a chur in iúl don tuismitheoir.

(xix) I gcás ina mbaineann an tuismitheoir úsáid as gnásanna na scoile maidir le gearán a dhéanamh agus nach bhfuil sí/sé sásta fós, ní mór don scoil a insint don tuismitheoir go bhfuil sé de cheart aici/aige gearán a dhéanamh le hOmbudsman na Leanaí.

7. Próisis Smachta

Bainfidh Scoil Iognáid feidhm as an gcur chuige um Cheartas Aisiríoch ar an gcéad dul síos i réiteach na ceiste - faoi mar atá luaite i gcuid 6 den pholasaí seo. Déanfar an cur chuige seo a leanas a chur i bhfeidhm tar éis don múinteoir ábhartha an té atá ag tabhairt faoin mbulaíocht a aithint tríd an monatóireacht agus an taifead a rinneadh ar a iompar. Cuirfear gach ball foirne ar an eolas faoin gcur chuige seo:

- (i) Rabhadh ó bhéal a thabhairt don dalta i gcomhlúadar tuismitheoirí an dalta, an príomhoide agus an múinteoir ábhartha. Iarrfar ar an dalta leithscéal a ghabháil leis an íospartach agus geallúint a thabhairt nach mbeidh an iompar sin ann arís, i gcomhlúadar an phríomhoide agus an múinteoir ábhartha.
- (ii) Déanfar teagmháil, a luaithe is féidir, le tuismitheoirí na bpáirtithe i dtrácht chun iad a chur ar an eolas faoin scéal agus na bearta a dhéanfar a mhíniú doibh.
- (iii) Má leanann an bulaíocht, beidh conradh le síniú ag na daltaí atá i dtrácht agus cuirfear a dtuismitheoirí ar an eolas faoi. Déanfaidh an príomhoide i bpáirt leis an múinteoir ábhartha agus ball foirne eile monatóireacht rialta ar chur i bhfeidhm an chonartha seo.
- (iv) Má leanann an iompar bulaíochta fós ar aghaidh, beidh cruinniú foirmeálta idir an dalta, a t(h)uismitheoirí nó caomhnóirí, príomhoide agus cathaoirleach an bhoird bhainistíochta. D'fhéadfaí go mbeadh rabhadh deiridh á fáil nó go gcuirfí an dalta ar fionraí láithreach, ar aon dul le Cód Iompair na Scoile.

8. Duine fásta ag déanamh bulaíochta ar pháiste

Déanfar gnásanna an INTO/CPSMA maidir le gearán in aghaidh múinteora a leanúint sa gcás seo. Is féidir cóip chrua de na gnásanna seo a fháil in Oifig an Phríomhoide nó ar líne ag www.into.ie

9. Tuismitheoir ag déanamh bulaíochta ar mhúinteoir

Tá se de cheart ag foireann na scoile oibriú i dtimpeallacht ghairimiúil saor ó gach cineál bulaíochta mar atá luaite anseo thuas (cuid 2). Ní mór do thuismitheoirí coinne a dhéanamh le cibé ball foirne chun ceistanna a phlé.

10. Taifead

Ní mór don Bhord Bainistíochta a chinntiú go mbíonn gnásanna soiléire ag an scoil chun iompar bulaíochta a nótáil agus a thuairisciú go foirmiúil (féach Aguisín 3). Ní mór gach taifead a choimeád i gcomhréir leis an reachtaíocht chuí cosanta sonraí. Ní mór do ghnásanna na scoile chun iompar bulaíochta a nótáil agus a thuairisciú cloí leis na rialacha seo a leanas:

- (i) Bíodh is go gcaithfear gach tuairisc, lena n-áirítear tuairiscí gan ainm i dtaobh bulaíochta, a imscrúdú agus go gcaithfidh an múinteoir ábhartha déileáil leo, bainfidh an múinteoir ábhartha leas as a bhreithiúnas gairmiúil i dtaca leis na taifid de na tuairiscí sin a bheidh le coinneáil, na bearta a dhéanfar agus aon phlé leo siúd atá bainteach leis an mbulaíocht maidir leis an gcéanna.
- (ii) Má fhaigheann an múinteoir ábhartha go ndearnadh bulaíocht, ní mór don mhúinteoir ábhartha taifid scríofa a choimeád chun cabhrú léi/leis an cheist a réiteach agus an gaol idir na páirtithe a chur ar ais mar a bhí sé, a mhéad is indéanta.
- (iii) Ní mór don mhúinteoir ábhartha an teimpléad tuairiscithe in **Aguisín 3** a úsáid chun an t-iompar bulaíochta a thaifead.

11. Maoirseacht agus Monatóireacht agus Feasacht ar Bhulaíocht

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil cleachtais agus beartais chuí mhaoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a eascú más féidir. Chuige sin:

- Beidh fáil ag gach clann ar an bpolasaí
- Spreagfar na tuismitheoirí an scoil a chur ar an eolas faoi eachtraí bulaíochta
- Beidh pointí eolais i leith na bulaíochta i nuachlitir na scoile agus ceardlanna tacaíochta do thuismitheoirí na scoile
- Déanfar na páistí i mbaol bulaíochta (más ann iad) a chur ar shúile na foirne (idir múinteoirí agus cuntóirí riachtanais speisialta) agus iad a nótaíl i leabhar an chlóis
- Meabhrú rialta a thabhairt d'fhoireann na scoile a bheith airdeallach ar na féidearachtaí bulaíochta agus fiosrúcháin a dhéanamh ar gach tuairisc
- Tacaíocht agus oiliúint a chur ar fhoireann na scoile ina leith
- Feidhm a bhaint as ceistneoirí agus suirbhéanna chun eolas a bhailiú agus gníomhniú dá réir bunaithe ar a dtorthaí
- Na daltaí sinsearacha a spreagadh chun aire a thabhairt do na daltaí sóisearacha. Córas rothlach a chur i bhfeidhm - áit go ndéanann daltaí rang 6 monatóireacht ar dhaltaí na naíonán ar chlós na naíonán ag am lóin. Feidhm a bhaint as cláir ar nós Buddy Reading srl. chun an caidreamh sin a láidriú

12. Cearta agus Freagrachtaí

Freagrachtaí na Foirne

- Comhfhreagracht na foirne a aithint in imscrúdú, taifead agus déileáil le bulaíocht sa scoil
- Cur chuige an Cheartas Aisiríoch a chur i bhfeidhm agus aois an dalta a chur san áireamh
- Úsáid a bhaint as straitéisí coiscithe agus idirghabhála chun timpeallacht shábháilte foghlama a chothú agus a bhuanú do phobal na scoile
- Na daltaí a chumasú go cuiditheach chun déileáil le coimhlint agus iad ag baint feidhme as an gCeartas Aisiríoch
- Aird a thabhairt ar gach tuairisc bulaíochta agus an Príomhoide a chur ar an eolas más gá

- Taifead a dhéanamh ar na teagmhais bulaíochta ar an teimpléad chun iompar bulaíochta a thaifeadadh.
- Tabhairt faoin bhforbairt ghairmiúil leanúnach ina leith

Freagrachtaí an Dalta

- Tuiscint, meas agus tacaíocht a léiriú dá chomhdhaltaí
- Iompar bulaíochta a aithint
- Gan bulaíocht a dhéanamh
- Tuairisciú fhreagach a dhéanamh ar eachtra bulaíochta
- A bheith báúil i leith an té a déantar bulaíocht air / uirthi agus gníomhniú go freagach agus go ciallmhar mar dhuine den lucht féachúna

Freagrachtaí na dTuistí

- Tacaíocht a thabhairt don scoil i gcur i bhfeidhm an pholasaí seo
- Súil a choinneáil ar chomharthaí a léireodh go raibh bulaíocht á himirt ar a bpáistí
- Coinne a dhéanamh leis an múinteoir ranga chun é seo a phlé más gá
- A bpáistí a spreagadh chun an scéal a insint má tá bulaíocht á himirt orthu féin nó má tá siad ar an eolas faoi pháistí eile a bhfuil sa gcás seo
- Gan dul díreach chuig dalta nó tuismitheoir eile nó idirghabháil a dhéanamh leo maidir le ceisteanna iompraíochta

13. An Chiapadh a chosc

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go ndéanfaidh an scoil, de réir a oibleagáidí faoin reachtaíocht chomhionannais, gach beart is indéanta go praiticiúil chun daltaí agus baill foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach agus ar chiapadh ar aon cheann de na naoi bhforas, mar atá inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghligh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

14. Ghlac an Bord Bainistíochta leis an mbeartas seo ar an 25ú Meán Fómhair 2014.

15. Tá an beartas seo ar fáil do phearsanra na scoile, foilseofar é ar shuíomh Gréasáin na scoile agus do Chumann na dTuismitheoirí. Cuirfear cóip den bheartas seo ar fáil don Roinn agus do phatrún na scoile má iarrtar é.

16. Athbhreithneoidh an Bord Bainistíochta an beartas agus a fheidhmiú uair amháin i ngach scoilbhliain. Cuirfear fógra scríofa gur athbhreithníodh beartas frithbhulaíochta na scoile ar fáil do phearsanra na scoile, foilseofar é ar shuíomh Gréasáin na scoile agus do Chumann na dTuismitheoirí. Cuirfear taifead den athbhreithniú agus a thoradh ar fáil don phatrún agus don Roinn, leis, má iarrtar é.

Sínithe: Peadar Ó hAilín, Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

Sínithe: Laoise Bhreathnach, Príomhoide

Dáta: 25ú Meán Fómhair 2014

Dáta an chéad athreithnithe eile: Meán Fómhair 2015

I gcás aon difríocht idir an leagan Béarla agus an leagan Gaeilge den pholasaí seo 'sí an leagan Gaeilge a mbeidh tús áite aici i gcónaí.

In the case of any discrepancy between the English and Irish versions of this policy the Irish version will take precedence.

Aguisín 1

Cultúr dearfach scoile a chothú agus iompar bulaíochta a chosc agus dul i ngleic leis.

- ✓ Tabhair dea-shampla d'iompar ina léirítear meas do gach ball de phobal na scoile i ngach caidreamh a bhíonn agat leo.
- ✓ Múin do na daltaí go sainráite an rud is teanga a léiríonn meas agus iompar a léiríonn meas ann, an tslí ina gcuirtear in iúl é, an tionchar a bhíonn aige sa seomra ranga agus ar fud na scoile.
- ✓ Cuir teachtaireachtaí láidre measa ar taispeánt sa seomra ranga, in áiteanna tionóla agus ar fud na scoile. Bíodh na daltaí bainteach le dréachtú na dteachtaireachtaí.


- ✓ Beir orthu agus iad á n-iompar féin i gceart - tabhair aird ar an gcineál iompair atá uait agus mol é nuair a fheiceann tú é.
- ✓ Téigh i ngleic ar shlí chomhsheasmhach le haon teanga idirdhealaitheach agus maslach a úsáidtear sa scoil - áirítear air sin teanga homafóbach agus ciníoch agus teanga a dhéanann beag is fiú de dhaltaí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- ✓ Tabhair aiseolas cuiditheach do dhaltaí nuair nach mbíonn iompar agus teanga a léiríonn meas le sonrú uathu.
- ✓ Bíodh córas spreagthaí agus luachanna saothair ann chun iompar inmhianaithe a chur chun cinn mar aon le géilliúlacht do rialacha agus do ghnásanna na scoile.
- ✓ Múin go sainráite do na daltaí conas meáin shóisialta a úsáid ar shlí fhreagrach.
- ✓ Tabhair spreagadh do na daltaí chun géilleadh do rialacha na scoile maidir le húsáid fón póca agus an Idirlín. Déan obair leantach le daltaí nach dtugann aird ar na rialacha.
- ✓ Ról gníomhach a thabhairt do thuismitheoirí agus/nó do Chumann na dTuismitheoirí i bhfeachtais chun feasacht mar gheall ar mheáin shóisialta a mhúscailt.
- ✓ Leag béim ar an gceart atá ag gach duine i bpobal na scoile ar a bheith slán sábháilte sa scoil.
- ✓ Múin rialacha na scoile go sainráite sa seomra ranga agus in áiteanna tionóla i dteanga a thuigfidh na daltaí, agus cuir béim ar na rialacha sin.
- ✓ Féadann gach ball foirne a bheith san airdeall chun aon iompar bulaíochta a thabhairt faoi deara.
- ✓ Cinntigh go bhfuil dóthain maoirseachta sa chlós agus lasmuigh den scoil.
- ✓ Féadann foireann na scoile comhairle a fháil ó na daltaí faoi na háiteanna is mó ina dtarlaíonn bulaíocht agus faoi na hamanna ag a dtarlaíonn sé.
- ✓ Is gnách do na háiteanna is mó ina dtarlaíonn bulaíocht a bheith sa chlós agus lasmuigh den scoil, i seomraí gléasta, i ndorchlaí agus in áiteanna eile inar beag maoirseacht a dhéantar.
- ✓ Is gnách bulaíocht a bheith coitianta nuair nach mbíonn maoirseacht struchtúrtha ann, mar shampla nuair a bhíonn daltaí sa chlós nó ag athrú seomraí ranga.
- ✓ Tacaigh le bunú comhairlí scoile agus lena gcuid oibre.

Aguisín 2.

Samplaí d'Iompraíochtaí Bulaíochta

| | |
|--|--|
| <p>Iompraíochtaí a bhaineann le gach saghas bulaíocht</p> | <ul style="list-style-type: none"> • Ciapadh bunaithe ar cheann ar bith de na naoi bhforas sa reachtaíocht comhionannais e.g. ciapadh gnéasach, bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníocht, etc. • Forrántacht fhisiciúil • Damáiste do mhaoin • Leasainmneacha a ghlaoch • Cleithmhagadh • Pictiúir, focail i scríbhinn, nó ábhar eile a tháirgeadh, a thaispeáint nó a scaipeadh atá dírithe ar dhuine eile a imeaglú • Graifítí maslach • Sracadh (extortion) • Imeaglú • Gothaí maslaitheacha nó gáirsiúla • 'Amharc' faoi leith • Cur isteach ar spás pearsanta • Meascán de na cinn a luaitear. |
| <p>Cibearbhulaíocht</p> | <ul style="list-style-type: none"> • Tromaíocht: Ráflaí, bréaga nó biadán a scaipeadh chun dochar a dhéanamh do cháil duine eile • Ciapadh: Teachtaireachtaí oilc, suaracha nó gáirsiúla a sheoladh chuig duine go leanúnach • Pearsanú: Teachtaireachtaí maslaitheacha nó forrántacha a phóstáil faoi ainm duine eile • Gríosadh: Úsáid a bhaint as focail gháirsiúla nó ghríosaitheacha chun troid ar líne a spreagadh • Cleasaíocht: Dallamullóg a chur ar dhuine eolas pearsanta a roinnt agus an t-eolas sin a úsáid ar líne ina dhiaidh sin • Sceitheadh: Eolas nó íomhánna rúnda a phostáil nó a roinnt • Leithcheal: Leithcheal a dhéanamh ar dhuine ó ghrúpa ar líne d'aon ghnó • Cibear-stalcaireacht: Ciapadh agus tromaíocht leanúnach a fhágann go mbíonn eagla a b(h)eatha/a s(h)ábháilteachta ar duine • Glao tostach gutháin/gutháin phóca • Glao maslach gutháin/gutháin phóca • Teachtaireacht téacs mhaslach • Teachtaireacht ríomhphoist mhaslach • Cumarsáid mhaslach ar líonraí sóisialta e.g. Facebook/Ask.fm/ Twitter/You Tube nó ar chonsóil |

| | |
|--|---|
| | <p>chluichí</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ráitis/Blaganna/Pictiúir mhaslacha idirlín • Postálacha maslacha ar cineál ar bith teicneolaíochta cumarsáide |
| <p>Tompraíochtaí bunaithe ar Aitheantas</p> <p>Lena n-áirítear aon cheann de na naoi bhforas idirdhealúcháin a luaitear sa Reachtaíocht um Chomhionannas (inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus toisc gur den Lucht Taistil iad).</p> | |
| <p>Homafóbach agus Trasinscne</p> | <ul style="list-style-type: none"> • Ráflaí a scaipeadh faoi chlaonadh gnéasach duine • Tathant ar dhuine a bhfuil claonadh gnéasach difriúil aige/aici • Leasainmneacha a ghlaoch, e.g. aerach, casta, lúbtha, a úsáidtear chun caitheamh anuas ar dhuine • Imeaglú fisiciúil nó ionsaí • Bagairtí |
| <p>Cine, náisiúntacht, cúlra eitneach agus ballraíocht de phobal an Lucht Taistil</p> | <ul style="list-style-type: none"> • Idirdhealú, réamhchlaonadh, ráitis nó maslaí a bhaineann le cine, náisiúntacht, cultúr, aicme shóisialta, creideamh, cúlra, eitneach nó an Lucht Taistil • Leithcheal de bhun aon cheann acu seo thuas |
| <p>Caidreamhach</p> | <p>Is éard atá i gceist anseo caidrimh a mhí-ionramháil mar bhealach chun bulaíocht a dhéanamh. Ar na hiompraíochtaí tá:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Biadán maslach • Leithcheal agus aonrú • Neamhaird • Leithcheal ó ghrúpa • Cairde a bhaint de dhuine • 'Bitseáil' • Ráflaí a scaipeadh • Rún a sceitheadh • Caint sách ard le go gcloisfeadh an t-íobartach í • 'Amharc' faoi Leith • 'nerd' a úsáid le cur isteach ar dhuine. |
| <p>Gnéasach</p> | <ul style="list-style-type: none"> • Ráitis nó tadhall gnéasach míchuí nó gan choinne • Ciapadh |
| <p>Riachtanais Speisialta Oideachais, Míchumas</p> | <ul style="list-style-type: none"> • Leasainmneacha a ghlaoch • Tathant ar dhaoine eile mar gheall ar a míchumas nó riachtanais foghlama • Teacht i dtír ar leochaileachtaí daltaí eile agus ar a gcumas teoranta bulaíocht a aithint agus iad féin a chosaint • Teacht i dtír ar leochaileachtaí daltaí eile agus ar a gcumas teoranta cúinsí sóisialta agus leideanna sóisialta a aithint agus iad féin a chosaint. • Athris a dhéanamh ar mhíchumas duine eile • Ceap magaidh a dhéanamh de dhaoine eile |



Aguisín 3.

Teimpléad chun iompar bulaíochta a thaifeadadh.

1. Ainm an dalta a bhfuil bulaíocht á déanamh air/uirthi agus a rang-ghrúpa.

Ainm: _____ Rang: _____

2. Ainm(neacha) agus rang(anna) an dalta/na ndaltaí atá ag gabháil d'iompar bulaíochta.

| |
|--|
| |
| |
| |
| |

3. **An t-iompar** is ábhar
buartha/imní
(ticeáil an bosca/na boscaí ceart (a))*

| | |
|--------------------|--|
| An dalta i dtrácht | |
| Dalta eile | |
| Tuismitheoir | |
| Múinteoir | |
| Eile | |
| | |

4. **An áit ar tharla an**
teagmhas/na teagmhais
(ticeáil an bosca/na boscaí ceart (a))*

| | |
|------------------|--|
| Clós | |
| Seomra Ranga | |
| Dorchla/pasáiste | |
| Leithris | |
| Bus Scoile | |
| Eile | |

5. Ainm an té/na ndaoine a thuairiscigh an t-údar imní bulaíochta.

| |
|--|
| |
|--|

8. **Cinéal** an iompair bhulaíochta (ticeáil an bosca/na boscaí ceart(a))*

| | | | |
|-------------------------------|--|----------------------------|--|
| Ionsaitheach Fhisiciúil | | Cibearbhulaíocht | |
| Dochar do mhaoin | | Imeaglú | |
| Aonrú/Eisiamh | | Cúlchaint mhailíseach | |
| Ainmneacha maslacha ar dhuine | | Eile (tabhair do thuairim) | |

9. I gcás iompair a bhféachtar air mar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas, tabhair an chatagóir lena mbaineann:

10. Cur síos gairid ar an iompar bulaíochta agus ar a thionchar:

11. Sonraí na mbeart a rinneadh:

Sínithe: _____ (Múinteoir Ábhartha)

Dáta:

An Dáta a cuireadh é ar aghaidh chuig an bPríomhoide/Leas-Phríomhoide

***Nóta:** Catagóirí molta is ead na catagóirí i dtáblaí 3, 4 & 6 agus féadfaidh scoileanna iad a leasú nó catagóirí eile a chur leo.

| | | |
|--|--|--|
| | | |
|--|--|--|



Scoil Iognáid
Anti-Bullying Campaign

Scoil Iognáid,
Bóithrín na Sliogán,
Gaillimh.
☎ 091-584491

Pupil Behaviour Contract.

Name of Pupil: _____ **Class:** _____

I know that all of my fellow pupils are different from each other and from me in many ways. (These might include hair colour, skin colour, what we wear, height, weight, size, accent, religion, nationality, where we live or have lived, whether we are loud or quiet, bad at learning, good at sport etc). I would not like to be treated unfairly and made to feel bad by any of my fellow-pupils because of any of these differences or just because they did not like me. I know that I have a right to be different from other pupils and that this does not give anyone the right to treat me unfairly or to be mean to me. I know I should be treated fairly, equally and respectfully in school because of the school's Code of Behaviour. I know I should be treated fairly, equally and respectfully outside of school too.

I also know that all other pupils should be treated fairly, equally and respectfully. It is wrong to treat anyone any other way. I therefore promise that in future, I will treat all my fellow-pupils fairly, equally and respectfully despite our differences and whether I like them or not.

In particular: (Handwritten below "I will always treat (____) fairly and respectfully").

Signed: Pupil: _____ Date: _____

Teacher: _____

Scoil Iognáid Bullying Behaviour Record.

Appendix 3.

Template for recording bullying behaviour.

1. Name of pupil being bullied and class.

Name: _____ Class: _____

2. Name(s) and class(es) of pupil(s) engaged in bullying behaviour.

| |
|--|
| |
| |
| |
| |

3. **Source** of bullying concern/report
Tick relevant box(es)

| | |
|-----------------|--|
| Pupil concerned | |
| Other Pupil(s) | |
| Parent | |
| Teacher | |
| Other | |
| | |

4. **Location of incident**
Tick relevant box(es)

| | |
|------------|--|
| Playground | |
| Classroom | |
| Corridor | |
| Toilets | |
| Bus | |
| Other | |

5. Name of person(s) who reported the bullying concern.

| |
|--|
| |
|--|

6. Type of bullying behaviour (tick relevant box(es))

| | | | |
|---------------------|--|------------------|--|
| Physical aggression | | Cyber-bullying | |
| Damage to property | | Intimidation | |
| Isolation/Exclusion | | Malicious gossip | |
| Name calling | | Other (specify) | |

7. Brief Description of bullying behaviour and its impact:

| |
|--|
| |
|--|

8. Details of actions taken:

| |
|--|
| |
|--|

Signed: _____ (Relevant Teacher)

Date:

Date submitted to the Principal/Deputy Principal